2024/2007

26.7.2024

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS CEANADA, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT CHEANADA I gCLÁIR DE CHUID AN AONTAIS

Tá an tAontas Eorpach (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta),

de pháirt,

agus

Ceanada

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AR MIAN LEO creat marthanach um chomhar idir na Páirtithe a bhunú, ar creat é lena ngabhfaidh coinníollacha soiléire maidir le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, mar aon le sásra lena n-éascaítear bunú na rannpháirtíochta sin i gcláir nó gníomhaíochtaí aonair de chuid an Aontais;

I bhFIANAISE spriocanna coiteanna, luachanna agus naisc láidre na bPáirtithe, a bunaíodh roimhe seo tríd an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016, an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Ceanada, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Deireadh Fómhair 2016, agus an Comhaontú um Chomhar Eolaíochta agus Teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Ceanada arna dhéanamh in Halifax an 17 Meitheamh 1995, arna leasú, agus ag aithint dóibh mian choiteann na bPáirtithe a gcaidreamh agus an comhar eatarthu a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a dhoimhniú a thuilleadh ann;

AG AITHINT DOIBH an ríthábhacht a bhaineann leis na bunluachanna comhroinnte agus na bunphrionsabail chomhroinnte atá ina mbonn leis an gcomhar idirnáisiúnta idir na Páirtithe sa taighde agus sa nuálaíocht amhail eitic agus sláine sa taighde, sa chomhionannas inscne agus i gcomhdheiseanna, agus cuspóir comhroinnte na bPáirtithe an comhar idir na heagraíochtaí i réimse an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear ollscoileanna, agus malartú sárchleachtas agus gairmeacha taighde tarraingteacha a chothú agus a éascú, soghluaisteacht trasteorann agus idirearnálach taighdeoirí a éascú, saorghluaiseacht eolais eolaíoch agus nuálaíochta eolaíche a chothú, an urraim don tsaoirse acadúil agus do shaoirse an taighde eolaíoch a chur chun cinn, agus tacú le hoideachas eolaíochta agus gníomhaíochtaí cumarsáide;

AG AITHINT DÓIBH rún na bPáirtithe comhoibriú agus rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus misin an Aontais go frithpháirteach, arb é is aidhm dóibh tacú le hacmhainneachtaí taighde agus iad a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomh maith lena n-iomaíochas tionsclaíoch féin a dhoimhniú, agus, ina dhiaidh sin, tionchar claochlaitheach sistéamach a bhaint amach dá sochaithe chun tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA), rud a théann chun tairbhe an dá Pháirtí;

I bhFIANAISE iarrachtaí an Aontais an fhreagairt ar dhúshláin dhomhanda a stiúradh trí dhul i gcomhar lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda i gcomhréir leis an bplean gníomhartha ar mhaithe le daoine, an pláinéad agus an rathúnas i rún na Náisiúin Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 dar teideal 'I mbun athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' [*Transforming our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development*], agus ag aithint dóibh gur uirlisí fíor-riachtanacha iad an taighde agus an nuálaíocht agus gurb iad is mó a spreagann an fás inbhuanaithe a bheidh á threorú ag an nuálaíocht, an t-iomaíochas agus tarraingteacht eacnamaíoch;

DE BHRÍ gur comhpháirtithe straitéiseacha iad Ceanada agus an tAontas agus go roghnaíonn siad oibriú i gcomhar lena chéile i réimsí na heolaíochta, an taighde agus na nuálaíochta, agus urraim fhrithpháirteach á léiriú do thiomantas domhain a chéile do bharr feabhais taighde, agus bealaí nuálacha a aimsiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;

AG AITHINT DÓIBH gur mian leis na Páirtithe creat a fhorbairt lena gcuirfear feabhas ar ghníomhaíochtaí comhair agus lena n-urramófar freisin cur chuige intíre a chéile maidir le cláir nó gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le hathbhreithnithe, iniúchtaí agus imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta, na macántachta agus an neamh-idirdhealaithe;

DE BHRÍ gur bunaíodh clár an Aontais, Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta), le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

AG AITHINT DÓIBH na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695;

AG CUR I dTÁBHACHT ról na gComhpháirtíochtaí Eorpacha atá beartaithe sa Chlár Fís Eorpach agus a thugann aghaidh ar roinnt de na dúshláin is práinní atá san Eoraip trí bhíthin tionscnamh comhbheartaithe taighde agus nuálaíochta lena rannchuidítear go mór le tosaíochtaí an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta ina bhfuil gá le mais chriticiúil agus fís fhadtéarmach, agus ag cur i dtábhacht tábhacht rannpháirtíocht na dtíortha comhlachaithe sna Comhpháirtíochtaí sin;

AG AITHINT DÓIBH gur cheart go dtiocfadh sochair fhrithpháirteacha as rannpháirtíocht chómhalartach i gcláir thaighde agus nuálaíochta a chéile, agus á admháil dóibh go bhforchoimeádann na Páirtithe a gceart chun teorainn nó coinníoll a chur le rannpháirtíocht ina gcláir thaighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear, go háirithe, i gcás gníomhartha a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Ábhar

Bunaítear leis an gComhaontú seo na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht Cheanada in aon chlár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais a chumhdaítear le Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'bunghníomh':

(i) gníomh dlí ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear clár, lena soláthraítear bunús dlí le haghaidh gnímh agus le haghaidh chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh arna iontráil i mbuiséad an Aontais nó chur chun feidhme na ráthaíochta buiséadaí nó an chúnaimh airgeadais arna dtacú ag buiséad an Aontais, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha ó institiúid de chuid an Aontais lena bhforlíontar an gníomh nó lena gcuirtear chun feidhme é, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre; nó

(ii) gníomh dlí ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear gníomhaíocht arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais seachas na cláir, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha ó institiúid de chuid an Aontais lena bhfhorlíontar an gníomh sin nó lena gcuirtear chun feidhme é, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre;

(2) ciallaíonn 'comhaontú cistiúcháin' comhaontuithe maidir le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais faoi Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, ina nglacann Ceanada páirt iontu, lena gcuirtear chun feidhme cistí ón Aontas, amhail comhaontuithe deontais, comhaontuithe ranníocaíochta, comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, comhaontuithe maoiniúcháin agus comhaontuithe ráthaíochta;

([1]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1).

(3) ciallaíonn 'rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta de chuid an Aontais' rialacha arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('an Rialachán Airgeadais') a bhfuil feidhm acu maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus sa chlár oibre nó sna glaonna nó sna nósanna imeachta dámhachtana eile de chuid an Aontais;

(4) ciallaíonn 'nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais' nós imeachta maidir le cistiú ón Aontas a dhámhachtain, ar nós imeachta é a sheolfaidh an tAontas nó daoine nó eintitis a bhfuil sé de chúram orthu cistí ón Aontas a chur chun feidhme;

(5) ciallaíonn 'eintiteas Ceanadach' aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil cónaí nó atá bunaithe i gCeanada, nó arb é Rialtas Cheanada nó rialtas chúige nó chríoch Cheanada é, agus a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais i gcomhréir leis an mbunghníomh;

(6) ciallaíonn 'an Eolaíocht Oscailte' cur chuige maidir leis an bpróiseas eolaíoch bunaithe ar chomhar agus ar uirlisí comhoibríocha, mar aon le heolas a scaipeadh, le rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha a eascraíonn as taighde arna chistiú faoin gClár Fís Eorpach . Tugtar rochtain oscailte agus lánurraim á tabhairt don phríobháideachas, an tslándáil, cúinsí eiticiúla, agus cosaint iomchuí maoine intleachtúla, i gcomhréir leis an bprionsabal 'a oscailte is féidir, a iata is gá'. Láimhseáiltear bainistiú sonraí taighde i gcomhréir le prionsabail 'na so-aimsitheachta', 'na hinrochtaineachta', 'na hidir-inoibritheachta' agus 'na hin-athúsáidteachta' ('na prionsabail FAIR').

AIRTEAGAL 3

Bunú na rannpháirtíochta

1. Ceadófar do Cheanada páirt a ghlacadh i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus rannchuidiú leo, nó i gcodanna díobh atá oscailte le haghaidh rannpháirtíocht Cheanada i gcomhréir leis na bunghníomhartha agus mar a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. Maidir leis na téarmaí agus coinníollacha sonracha a bhaineann le rannpháirtíocht Cheanada in aon chlár nó gníomhaíocht áirithe de chuid an Aontais, leagfar síos iad in aon Phrótacal amháin nó níos mó, a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus féadfar an Prótacal sin a ghlacadh agus a leasú le cinneadh ón gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 16.

3. Leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Cheanada sa Chlár Fís Eorpach sa Phrótacal maidir le comhlachas Cheanada le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (dá ngairtear 'Prótacal maidir le Comhlachas Cheanada le Fís Eorpach' anseo feasta).

4. Leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) na cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, ina bhfuil Ceanada le páirt a ghlacadh iontu a shainaithint;

(b) fad rannpháirtíocht Cheanada a leagan síos, lena dtagrófar don tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh Ceanada agus eintitis Cheanada iarratas a dhéanamh ar chistiú ón Aontas nó a fhéadfar cur chun feidhme cistí ón Aontas a chur de chúram orthu;

(c) leagfar síos coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Cheanada agus eintitis Cheanada, lena n-áirítear módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha airgeadais a leagtar amach in Airteagail 6 agus 7 den Chomhaontú seo agus, i gcás inarb infheidhme, módúlachtaí sonracha an tsásra ceartúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú seo, agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i struchtúir arna gcruthú chun críocha na gclár agus na ngníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme; agus

(d) i gcás inarb infheidhme, leagfar síos méid ranníocaíocht airgeadais Cheanada le clár de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme trí ionstraim airgeadais nó trí ráthaíocht bhuiséadach.

5. Leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 4(c) den Airteagal seo, comhlíonfar an Comhaontú seo agus na bunghníomhartha agus gníomhartha ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó lena mbunaítear na struchtúir sin;

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO AE L 193, 30.7.2018, lch. 1).

AIRTEAGAL 4

Comhlíonadh rialacha an chláir nó na gníomhaíochta de chuid an Aontais

1. Glacfaidh Ceanada páirt i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi na téarmaí agus coinníollacha a bhunaítear sa Chomhaontú seo, agus sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, sna bunghníomhartha agus i rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais.

2. Áireofar leis na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an méid seo a leanas:

(a) incháilitheacht eintitis Cheanada agus aon choinníoll eile incháilitheachta a bhaineann le Ceanada, go háirithe na coinníollacha a bhaineann leis an tionscnamh, an áit ghníomhaíochta nó an náisiúntacht; agus

(b) na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais a chur isteach, a mheasúnú agus a roghnú agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha ag eintitis incháilithe Cheanada.

3. Beidh na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 2(b) den Airteagal seo coibhéiseach leis na téarmaí agus coinníollacha sin is infheidhme maidir le heintitis Bhallstáit incháilithe an Aontais, lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais a glacadh faoin gConradh ar an Aontas Eorpach agus faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mura bhforáiltear a mhalairt sna téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 5

Rannpháirtíocht Cheanada i rialachas na gclár nó na ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais

1. Ceadófar d'ionadaithe nó saineolaithe Cheanada, nó do shaineolaithe arna n-ainmniú ag Ceanada, páirt a ghlacadh, mar bhreathnóirí sna coistí, i gcruinnithe na ngrúpaí saineolaithe nó i gcruinnithe comhchosúla eile, ina mbeidh ionadaithe nó saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais (dá ngairfear 'na Ballstáit' anseo feasta), nó ina mbeidh saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit ag glacadh páirt iontu agus a thacaíonn leis an gCoimisiún Eorpach i gcur chun feidhme agus i mbainistiú na gclár nó na ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, ina nglacann Ceanada páirt i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo nó a mbunaíonn an Coimisiún Eorpach iad i ndáil le cur chun feidhme dhlí an Aontais maidir leis na cláir nó gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó codanna díobh, mura mbaineann na cruinnithe sin le pointí a fhorchoimeádtar do na Ballstáit amháin nó i ndáil le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais nó cuid díobh, nach bhfuil Ceanada ag glacadh páirt iontu. Ionadaithe nó saineolaithe Cheanada, nó na saineolaithe arna n-ainmniú ag Ceanada, ní bheidh siad i láthair tráth na vótála. Cuirfear toradh na vótála in iúl do Cheanada.

2. I gcás nach ar bhonn náisiúntachta a cheapfar saineolaithe nó meastóirí, ní bheidh náisiúntacht ina cúis le náisiúnaigh de chuid Cheanada a eisiamh.

3. Faoi réir na gcoinníollacha i mír 1 den Airteagal seo, rialófar rannpháirtíocht ionadaithe Cheanada sna cruinnithe dá dtagraítear i mír 1, nó i gcruinnithe eile a bhaineann le cur chun feidhme clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, rialófar í leis na rialacha agus na nósanna imeachta céanna is infheidhme maidir le hionadaithe na mBallstát, go háirithe cearta labhartha, faisnéis, agus doiciméadacht a fháil mura rud é go mbaineann sé le pointí a fhorchoimeádtar do Bhallstáit, agus dóibh sin amháin, nó i ndáil le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó codanna díobh, nach nglacann Ceanada páirt iontu. Sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise a shonrú chun costais taistil agus chothaithe a aisíoc.

4. Sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise le haghaidh rannpháirtíocht na saineolaithe a shonrú, mar aon le rannpháirtíocht Cheanada, i mboird rialúcháin agus i struchtúir arna gcruthú chun cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, a shainmhínítear sna Phrótacail ábhartha, a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 6

Dálaí airgeadais

1. Rannpháirtíocht Cheanada nó rannpháirtíocht eintitis Cheanada i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, beidh sí faoi réir ranníocaíocht airgeadais ó Cheanada leis an gcistiú comhfhreagrach faoi bhuiséad ginearálta an Aontais (dá ngairtear 'buiséad an Aontais' anseo feasta).

2. Beidh an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i leith gach cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó codanna díobh, i bhfoirm shuim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

3. Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm íocaíochta bliantúla a dhéanfar i dtráthchuid amháin nó níos mó.

4. Gan dochar do mhír 9 den Airteagal seo agus d'Airteagal 7, is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta agus ní bheidh sí faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha. Ó 2028 ar aghaidh, féadfaidh an Comhchoiste leibhéal na táille rannpháirtíochta a choigeartú.

5. Leis an ranníocaíocht oibríochtúil, cumhdófar caiteachas oibríochtúil agus tacaíochta agus beidh sí sa bhreis, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon, ar na méideanna arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais a ghlacfar go cinntitheach le haghaidh clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, arna méadú, i gcás inarb iomchuí, le hioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile, méideanna a chumhdaítear leis na Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo.

6. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir olltáirgeacht intíre (OTI) Cheanada ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais Eorpaigh ag praghsanna an mhargaidh. Is iad seirbhísí tiomnaithe an Choimisiúin Eorpaigh a chinnfidh na OTInna ag praghsanna an mhargaidh atá le cur i bhfeidhm ar bhonn na sonraí staidrimh is déanaí atá ar fáil do ríomhanna buiséid sa bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an íocaíocht bhliantúil le híoc. Féadfar coigeartuithe ar an treoir ranníoca sin a leagan síos sna Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo. Féadfaidh na coigeartuithe a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, agus féadfar iad a chur in iúl mar chomhéifeacht.

7. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar chur i bhfeidhm na treorach ranníoca ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tosaigh, a mhéadófar mar a shainmhínítear i mír 5 den Airteagal seo, arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais a ghlacfar go cinntitheach i leith na bliana is infheidhme chun cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a mhaoiniú, a nglacann Ceanada páirt iontu.

8. De mhaolú ar mhíreanna 6 agus 7, socrófar ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil Cheanada leis an gClár Fís Eorpach le haghaidh na mblianta 2024 go 2027 i méideanna socraithe a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhlachas Cheanada le Fís Eorpach.

9. An táille rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 2(b), den Airteagal seo, déanfar í a chinneadh leis na céadtadáin seo a leanas le haghaidh na mblianta 2024 go 2027:

— 2024: 2 %;

— 2025: 2,5 %;

— 2026: 3 %;

— 2027: 4 %.

10. Arna iarraidh sin, soláthróidh an tAontas do Cheanada faisnéis maidir lena rannchuidiú airgeadais mar a áirítear san fhaisnéis a bhaineann leis an mbuiséad, le cuntasaíocht, le feidhmíocht agus le meastóireacht arna soláthar d'údaráis bhuiséadacha agus d'údaráis um urscaoileadh de chuid an Aontais maidir le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a nglacann Ceanada páirt iontu. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt do dhlí gach Páirtí, agus aghaidh á tabhairt ar rialacha rúndachta agus cosanta sonraí agus tá sí gan dochar don fhaisnéis atá Ceanada i dteideal a fháil faoin gComhaontú seo.

11. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile Cheanada nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh le híoc nó le fáil.

12. Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo sna Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 7

Cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag sásra coigeartaithe na ranníocaíochta oibríochtúla maidir leo

1. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, ranníocaíocht oibríochtúil cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó codanna díobh, le haghaidh bhliain N, féadfar í a choigeartú go cúlghabhálach i mbliain amháin nó níos mó ina dhiaidh sin ar bhonn na ngealltanas buiséadach a dhéanfar maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na bliana sin, agus ar bhonn chur chun feidhme a ngealltanas dlíthiúil agus a ngealltanas saortha.

2. Is sa bhliain N+1 a dhéanfar an chéad choigeartú nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil de réir na difríochta idir an ranníocaíocht agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú trí chur i bhfeidhm comhéifeachta i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo, a chur i bhfeidhm maidir le suim:

(a) méid na ngealltanas buiséadach a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a údaraíodh i mbliain N faoi bhuiséad an Aontais a glacadh agus maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís; agus

(b) aon leithreasú ó ioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear leis na Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo agus a bhí ar fáil ag deireadh bhliain N.

3. Gach bliain ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh na gealltanais bhuiséadacha uile a mhaoinítear faoi leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thionscnaítear ó bhliain N íoctha nó saortha, agus 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh chlár an Aontais nó tar éis dheireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a chomhfhreagraíonn do bhliain N, cibé acu is túisce, ríomhfaidh an tAontas coigeartú ar ranníocaíocht bhliain N trí ranníocaíocht Cheanada a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo, a chur i bhfeidhm maidir leis na gealltanais saortha a rinneadh gach bliain maidir le gealltanais bhliain N a mhaoinítear faoi bhuiséad an Aontais nó ó ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís.

4. I gcás ina gcuirfear ar ceal na leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear leis na Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo, déanfar ranníocaíocht Cheanada leis an gclár nó gníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, nó le codanna díobh, a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal ábhartha, a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a cuireadh ar ceal.

AIRTEAGAL 8

Cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo

1. Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch i ndáil leis na cláir agus gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó codanna díobh, ar ina leith a dhéantar foráil do chur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch i bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo. Féadfar cur i bhfeidhm an tsásra uathoibríoch ceartúcháin sin a theorannú do chodanna den chlár nó den ghníomhaíocht a shonraítear sa Phrótacal sin a ghabhann leis an gComhaontú seo, codanna a chuirtear chun feidhme trí dheontais ar ina leith a eagraítear glaonna iomaíocha. Rialacha mionsonraithe maidir le sainaithint na gcodanna sin den chlár nó den ghníomhaíocht de chuid an Aontais a mbeidh nó nach mbeidh feidhm ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, feadfar iad a bhunú sa Phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. Is é a bheidh i méid an cheartúcháin uathoibríoch le haghaidh cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó codanna díobh, an difríocht idir méideanna tosaigh na ngealltanas dlíthiúil a dhéanfar iarbhír le Ceanada nó le heintitis Cheanada a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana i gceist agus an ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach a íocfaidh Ceanada de réir mar a choigeartófar de bhun Airteagal 7, má fhoráiltear leis an bPrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le coigeartú den chineál sin, cé is moite de chaiteachas tacaíochta, lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna.

3. Rialacha mionsonraithe maidir le bunú mhéideanna ábhartha na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear i gcás cuibhreannas, agus rialacha mionsonraithe maidir le ríomh an cheartúcháin uathoibríoch, féadfar iad a leagan síos sa Phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 9

Athbhreithnithe agus iniúchtaí

1. I gcomhréir leis na gníomhartha is infheidhme ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó, agus a mhéid a fhoráiltear sa chomhaontú cistiúcháin ábhartha agus in aon chonradh eile is infheidhme, athbhreithnithe agus iniúchtaí teicniúla, eolaíocha, airgeadais, nó cineálacha eile athbhreithnithe agus iniúchtaí, féadfaidh an tAontas iad a dhéanamh ar áitreabh aon eintitis Cheanada, ar páirtí é an t-eintiteas sin sa chomhaontú cistiúcháin ábhartha, mar aon le haon eintiteas de chuid Cheanada a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme. Féadfaidh oifigigh de chuid an Aontais, go háirithe oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach, an t-athbhreithniú agus an t-iniúchadh sin a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Cheanada, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach ar bhealach a bheidh i gcomhréir le dlí Cheanada.

2. Agus athbhreithniú nó iniúchadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á dhéanamh ag oifigigh de chuid an Aontais, go háirithe oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach, féadfaidh rochtain iomchuí a bheith acu ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid (i leaganacha leictreonacha agus páipéir), agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun na hiniúchtaí sin a dhéanamh, lena n-áirítear an ceart chun cóip chrua nó leictreonach d'aon doiciméad nó d'ábhar aon mheáin sonraí atá i seilbh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá faoi iniúchadh, nó ag an tríú páirtí atá faoi iniúchadh, a fháil, mar aon le sleachta astu a fháil.

3. Ní ghlacfaidh Ceanada bearta maidir le teacht isteach i gCeanada ná rochtain ar áitribh chun na hathbhreithnithe nó na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chosc, nó bac a chur orthu. Ní fhorléireofar an mhír seo chun cosc a chur ar Cheanada bearta a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear ceanglais ghinearálta víosaí. Ní mheasfar go bhfuil na bearta sin a bhfuil feidhm ghinearálta leo ag neamhniú nó ag lagú na n-athbhreithnithe nó na n-iniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

4. Féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh, tar éis cur i bhfeidhm Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí de bhun mír 5 d'Airteagal 19den Chomhaontú seo, scor an chur i bhfeidhm shealadaigh, nó foirceannadh an Chomhaontaithe seo, i ndáil le haon ghealltanas dlíthiúil lena gcuirtear buiséad an Aontais chun feidhme a bheidh déanta ag an Aontas roimh an dáta a ngabhfaidh éifeacht le fionraí chur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha, le scor an chur i bhfeidhm shealadaigh, nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 10

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar neamhrialtachtaí

1. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar chríoch Cheanada d'eintiteas Cheanada atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha nó d'eintiteas Cheanada tríú páirtí a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh, i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin ábhartha agus leis an gconradh eile is infheidhme, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin ann. Déanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha arna mbunú leis na gníomhartha is infheidhme ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó. Agus an Coimisiún Eorpach agus OLAF ag feidhmiú a ndualgas i gcríoch Cheanada, gníomhóidh siad ar bhealach a bheidh i gcomhréir le dlí Cheanada.

2. An pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada, cuirfidh sé an Coimisiún Eorpach nó OLAF ar an eolas, de réir mar is iomchuí, laistigh de thréimhse réasúnach ama, faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu i ndáil le neamhrialtacht, calaois, nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a bhaineann le comhaontú cistiúcháin nó conradh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

3. Agus imscrúdú riaracháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á dhéanamh, féadfar seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh eintiteas Cheanada dá dtagraítear sa mhír sin, mar aon le haon eintiteas eile de chuid Cheanada a thoilíonn.

4. Is é an Coimisiún Eorpach nó OLAF, i ndlúthchomhar leis an bpointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada, a ullmhóidh agus a thabharfaidh i gcrích na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair. Tabharfar fógra, laistigh de thréimhse réasúnach ama roimh ré, don phointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada faoi aidhm, cuspóir agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí. Féadfaidh oifigigh a shainaithníonn pointe teagmhála Cheanada páirt a ghlacadh sna seiceálacha agus sna cigireachtaí ar an láthair.

5. Arna iarraidh sin don phointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada, féadfar na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go comhpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach nó le OLAF.

6. Agus imscrúdú riaracháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á dhéanamh ag oifigigh de chuid an Aontais, féadfaidh rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis agus na doiciméid uile, lena n-áirítear sonraí ríomhaireachta, maidir leis na hoibríochtaí lena mbaineann, ar faisnéis agus doiciméid iad is gá chun na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh mar is cuí. Féadfaidh siad, go háirithe, doiciméid ábhartha a chóipeáil.

7. I gcás ina gcuireann eintiteas Cheanada dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, soláthróidh an pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada, ag gníomhú dó i gcomhréir le dlí Cheanada, faisnéis nó doiciméadacht, de réir mar is iomchuí, chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach nó le OLAF a ndualgas a chomhlíonadh maidir le seiceáil nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada a éascú freisin, de réir mar is iomchuí, údaráis inniúla Cheanada a chur ar an eolas faoi fhíoras nó amhras a tháinig chun suntais don Choimisiúin Eorpaigh nó OLAF maidir le cion coiriúil i gCeanada agus an tseiceáil nó an chigireacht ar an láthair á déanamh, chun fianaise a chosaint agus cion coiriúil Cheanada á imscrúdú.

8. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF an pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada ar an eolas faoi thoradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin. Tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF, go háirithe, a luaithe is féidir don phointe teagmhála maidir le haon fhíoras nó aon amhras a bhaineann le neamhrialtacht atá tugtha faoi deara acu le linn na seiceála nó na cigireachta ar an láthair.

9. Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil Cheanada, féadfaidh an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur ar eintitis Cheanada dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

10. Chun críocha chur chun feidhme cuí an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus an pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada faisnéis a mhalartú go rialta agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe, rachaidh siad i gcomhairle le chéile.

11. Chun comhar agus malartú faisnéise éifeachtach le OLAF a éascú, ainmneoidh Ceanada pointe teagmhála.

12. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF an pointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada ar an eolas faoi thoradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin. Na sonraí pearsanta a áireofar sa mhalartú faisnéise, déanfar iad a chosaint i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

AIRTEAGAL 11

Comhar maidir le cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

I gcomhréir leis na hionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na hionstraimí sin idir Ceanada agus Ballstáit, nó an tAontas, nó mar a cheadaítear ar shlí eile faoi dhlí náisiúnta Cheanada, comhoibreoidh údaráis Cheanada le húdaráis an Aontais nó leis na Ballstáit atá inniúil chun cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear déantóirí agus comhchoirithe líomhnaithe na gcionta coiriúla sin a thabhairt chun breithiúnais. Maidir le hiarrataí a chuirtear faoi bhráid Cheanada de bhun ionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, féadfar a áireamh iontu, de réir mar is infheidhme, iarrataí arna ndéanamh i ndáil le himscrúduithe nó ionchúisimh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

AIRTEAGAL 12

Comhroinnt faisnéise

Malartóidh na Páirtithe faisnéis i ndáil le hathbhreithnithe, iniúchtaí, agus gníomhaíochtaí eile dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10, agus aird chuí á tabhairt ar dhlí rúndachta agus cosanta sonraí gach Páirtí.

AIRTEAGAL 13

Aisghabháil agus forfheidhmiú

1. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar eintiteas Cheanada, ar páirtí é an t-eintiteas sin i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha seachas comhaontú cistiúcháin leis an Stát i ndáil le haon éileamh a eascraíonn as an gcomhaontú cistiúcháin. Mura ndéanann an t-eintiteas de chuid Cheanada íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe, tar éis fógra a bheith tugtha don eintiteas sin i gcomhréir le hAirteagal 14, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra faoin gCinneadh don phointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada. Íocfaidh Ceanada leis an gCoimisiún Eorpach méid aon oibleagáide airgid tar éis dó fógra a fháil, ach amháin mura bhfuil a nósanna imeachta caighdeánacha is infheidhme curtha i gcrích ag an gCoimisiún Eorpach chun an cinneadh a fhorfheidhmiú. Má íocann Ceanada méid na hoibleagáide airgid, féadfaidh Ceanada aisíocaíocht ar an méid a lorg ó eintiteas Cheanada ar a bhforchuirtear an oibleagáid airgid agus cuirfidh an Coimisiún Eorpach doiciméid ábhartha ar fáil maidir leis an íocaíocht a rinneadh má iarrann Ceanada é.

2. Tabharfaidh Ceanada fógra faoina phointe teagmhála atá ainmnithe do Cheanada don Choimisiún Eorpach.

3. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 agus forfheidhmiú na gcinntí sin a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 14

Cumarsáid agus malartú faisnéise

Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais atá rannpháirteach i gcur chun feidhme nó i rialú clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, féadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh go díreach, lena n-áirítear trí chórais malartaithe leictreonaigh, le haon duine nádúrtha ar a bhfuil cónaí i gCeanada nó le haon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i gCeanada a fhaigheann cistiú ón Aontas, mar aon le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistiú ón Aontas agus ar a bhfuil cónaí i gCeanada chun críche atá ábhartha do chomhaontú cistiúcháin agus do chonradh eile is infheidhme arna thabhairt i gcrích chun an clár nó an ghníomhaíocht sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Féadfaidh na daoine, eintitis agus tríú páirtithe sin faisnéis agus doiciméid ábhartha a chur go díreach faoi bhráid institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, ar faisnéis agus doiciméid iad is gá a chur faoina mbráid ar bhonn an chomhaontaithe cistiúcháin ábhartha agus conarthaí eile is infheidhme arna dtabhairt i gcrích chun an clár nó an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme, agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht sin.

AIRTEAGAL 15

An Comhchoiste

1. Bunaíonn na Páirtithe Comhchoiste leis seo. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe an Aontais agus ionadaithe Cheanada.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, gníomhóidh an Comhchoiste i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, áireofar an méid seo a leanas i gcúraimí an Chomhchoiste:

(a) measúnú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, go háirithe:

(i) rannpháirtíocht agus feidhmíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais;

(ii) i gcás inarb ábhartha, leibhéal oscailteachta na n-eintiteas dlítheanach atá bunaithe i ngach Páirtí páirt a ghlacadh i gcláir, i dtionscadail, i ngníomhartha, nó i ngníomhaíochtaí an Pháirtí eile, nó i gcodanna díobh;

(iii) cur chun feidhme an tsásra ranníocaíochta airgeadais agus, i gcás inarb ábhartha, an tsásra ceartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(iv) malartú faisnéise, agus i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar aon cheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le saothrú torthaí, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla; agus

(v) an táille rannpháirtíochta agus coigeartuithe ar mhéid na táille rannpháirtíochta le haghaidh na mblianta tar éis 2027 a phlé, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí;

(b) plé a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, ar shrianta arna gcur i bhfeidhm nó arna mbeartú ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí maidir le rochtain ar a gcláir thaighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear go háirithe i gcás gníomhartha a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas, nó slándáil;

(c) scrúdú a dhéanamh ar conas comhar a fheabhsú agus a fhorbairt;

(d) plé comhpháirteach a dhéanamh ar threoshuíomhanna agus ar thosaíochtaí na mbeartas a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cláir nó le gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(e) faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear faisnéis maidir le reachtaíocht nua, bearta nua nó cláir náisiúnta nua; agus

(f) Prótacail nua a ghabhann leis an gComhaontú seo a fhorbairt, a mheas nó a ghlacadh maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha rannpháirtíocht Cheanada i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, leasuithe ar na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo atá ann cheana nó ar mhír 4 d'Airteagal 6, Airteagail 9, 10 nó 11 den Chomhaontú seo, nó leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo, i gcomhréir le hAirteagal 16 agus le haon cheanglas dlí nó nós imeachta dlí is infheidhme de chuid na bPáirtithe.

4. Féadfaidh an Comhchoiste meitheal nó comhlacht comhairleach a bhunú ar bhonn *ad hoc* ar leibhéal na saineolaithe a bheidh in ann cúnamh a thabhairt an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

5. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus, i gcás ina n-éileofar sin le himthosca speisialta, ar iarraidh ó cheann de na Páirtithe.

AIRTEAGAL 16

Cinntí ón gComhchoiste

1. Déanfaidh an Comhchoiste a chinntí de chomhthoil.

2. I gcás ina bhfuil na hionadaithe ar an gComhchoiste údaraithe go cuí roimh ré más gá de réir a nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme, féadfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas a fhorbairt agus a mheas:

(a) Prótacail nua a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh;

(b) leasuithe ar Phrótacail atá ann cheana agus a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(c) leasuithe ar mhír 4 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo;

(d) leasuithe ar Airteagail 9, 10, nó 11 den Chomhaontú seo a mhéid is gá chun athruithe a rinneadh ar ghníomhartha institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó, a chur san áireamh leo; nó

(e) leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

3. D'ainneoin mhír 13 d'Airteagal 19 den Chomhaontú seo, tar éis na hionadaithe ar an gComhchoiste a údarú go cuí roimh ré más gá de réir a nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme, féadfaidh an Comhchoiste, le cinneadh, an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) Prótacail nua a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Cheanada i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh;

(b) leasuithe ar Phrótacail atá ann cheana agus a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(c) leasuithe ar mhír 4 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo;

(d) leasuithe ar Airteagail 9, 10, nó 11 den Chomhaontú seo a mhéid is gá chun athruithe a rinneadh ar ghníomhartha ó institiúid amháin de chuid an Aontais nó níos mó, a chur san áireamh leo; nó;

(e) leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo,

mar a fhorbraítear faoi mhír 2 den Airteagal seo.

4. In aon chinneadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo, sonróidh na hionadaithe ar an gComhchoiste, i gcás ina gceanglaítear sin le córas dlí an Pháirtí, maidir le Prótacail nua a ghabhann leis an gComhaontú seo, leasuithe ar Phrótacail atá ann cheana, nó ar chodanna den Chomhaontú seo a chumhdaítear le mír 3 den Airteagal seo go dtiocfaidh siad i bhfeidhm tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt faoi chur i gcrích aon cheanglais agus nósanna imeachta dlí de chuid na bPáirtithe nár comhlíonadh go fóill, nó ar dháta níos déanaí mar a shonraítear sa chinneadh.

AIRTEAGAL 17

An dlí is infheidhme

Déanfar an Comhaontú seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid gach Páirtí ina gcríocha faoi seach.

AIRTEAGAL 18

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe, de mheon macánta, le haon ábhar eatarthu a réiteach a eascraíonn as léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo ar bhealach cairdiúil, trí phléití ag an gComhchoiste.

2. Mura féidir ábhar a eascraíonn as léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a réiteach trí phléití ag an gComhchoiste laistigh de 2 mhí tar éis do cheann de na Páirtithe é a ardú, féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir leis an ábhar. Déanfaidh na Páirtithe aon difríocht a réiteach trí chaibidlíocht.

AIRTEAGAL 19

Forálacha críochnaitheacha

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta an fhógra dheireanaigh ó Pháirtí chuig an bPáirtí eile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin. Beidh feidhm chúlghabhálach aige ón 1 Eanáir 2024.

2. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus dlí. Tosóidh an cur i bhfeidhm sealadach ar an dáta deireanach a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

3. Má thugann ceann de na Páirtithe fógra don Pháirtí eile nach gcuirfidh sí a nósanna imeachta inmheánacha is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcrích, scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige ar an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra sin, arb é a bheidh sa dáta sin an dáta scoir chun críocha an Chomhaontaithe seo. Scoirfidh cinntí an Chomhchoiste d'fheidhm a bheith acu ar an dáta céanna.

4. Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí i gcás neamhíocaíocht pháirteach nó neamhíocaíocht iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá le híoc ag Ceanada faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht an Aontais ábhartha.

5. Mar a leagtar amach i mír4 den Airteagal seo, i gcás neamhíocaíocht a d'fhéadfadh cur chun feidhme agus bainistiú an chláir nó na gníomhaíochta ábhartha de chuid an Aontais a chur i mbaol go mór, seolfaidh an Coimisiún Eorpach litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. I gcás nach ndéanfar aon íocaíocht laistigh de 20 lá oibre tar éis na litreach meabhrúcháin foirmiúla, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra do Cheanada faoi chur ar fionraí chur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo trí litir fógra fhoirmiúil, fionraí a thiocfaidh i bhfeidhm 15 lá tar éis do Cheanada an fógra sin a fháil.

6. I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ar fionraí, faoi mhír 5 den Airteagal seo, ní bheidh eintitis Cheanada incháilithe páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais nach mbeidh curtha i gcrích go fóill nuair a chuirfear an fhionraí i bhfeidhm. Measfar nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais a bheith curtha i gcrích nuair a ghabhfar gealltanais dhlíthiúla de láimh mar thoradh ar an nós imeachta sin.

7. Maidir le fionraí faoi mhír 5 den Airteagal seo, ní dhéanfaidh sé difear do na gealltanais dhlíthiúla arna ngabháil de láimh le heintitis Cheanada faoi chlár nó gníomhaíocht ábhartha an Aontais sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh an Prótacal ábhartha den Chomhaontú seo d'fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

8. Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach do Cheanada a luaithe a gheobhaidh an tAontas méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite. Maidir le fionraí faoi mhír 5 den Airteagal seo, ní bheidh éifeacht aici ar dháta an fhógra sin.

9. Beidh eintitis Cheanada incháilithe i nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais faoin gclár ábhartha nó faoin ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais a seoladh tar éis an dáta a scoirfidh an fhionraí de bhun mhír 5 den Airteagal seo d'éifeacht a bheith léi, agus aon nós imeachta dámhachtana eile a seoladh roimh an dáta sin, ar nósanna imeachta iad nach bhfuil sprioc-amanna ina leith chun iarratais a chur isteach imithe in éag.

10. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt go bhfuil sé beartaithe é a fhoirceannadh. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm 3 mhí féilire tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra i scríbhinn. Is é a bheidh sa dáta foirceanta chun críocha an Chomhaontaithe seo, an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

11. I gcás ina scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo nó i gcás ina ndéanfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo, comhaontaíonn na Páirtithe gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) Tionscadail, gníomhartha, nó gníomhaíochtaí, nó codanna díobh, a ndearnadh gealltanais dhlíthiúla a ghabháil de láimh ina leith le linn chur i bhfeidhm sealadach, agus tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus sula scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige nó sula ndéanfar é a fhoirceannadh, leanfar díobh go dtí go gcuirfear i gcrích iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo.

(b) Ranníocaíocht airgeadais bhliain N, leis an gclár ábhartha nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, íocfar í ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo agus le haon riail ábhartha eile sna Prótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo. I gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil bhliain N leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin maidir leo, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo. An táille rannpháirtíochta a íocfar le haghaidh bhliain N mar chuid den ranníocaíocht airgeadais leis an gclár ábhartha nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ní dhéanfar í a choigeartú ná a cheartú.

(c) I gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, tar éis na bliana ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, na ranníocaíochtaí oibríochtúla leis an gclár ábhartha nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais a íocadh le haghaidh na mblianta ar lena linn a bhí feidhm ag an gComhaontú seo, déanfar iad a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo. I gcás clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo. I gcás clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla ábhartha a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo.

12. Socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a bhaineann le scor an chur i bhfeidhm shealadaigh nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

13. Mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 16, ní fhéadfar an Comhaontú seo a leasú ach amháin i scríbhinn le toiliú frithpháirteach na bPáirtithe. Maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe faoin mír seo, leanfaidh sé an nós imeachta céanna is infheidhme i ndáil le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo mar a fhoráiltear i mír 1 den Airteagal seo.

14. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, beidh Prótacail agus Iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo.

15. Dréachtaíodh an Comhaontú seo i ndúblach sna teangacha seo a leanas: Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gaeilge, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, agus Ungáiris, agus beidh comhúdarás ag gach téacs acu sin.

Съставено в Монреал на трети юли две хиляди двадесет и четвърта година.

Hecho en Montreal, el tres de julio de dos mil veinticuatro.

V Montrealu dne třetího července dva tisíce dvacet čtyři.

Udfærdiget i Montreal, den treogtyvende juli to tusind og firetyve.

Geschehen zu Montreal am dritten Juli zweitausendvierundzwanzig.

Sõlmitud kahe tuhande kahekümne neljanda aasta juulikuu kolmandal päeval Montréalis.

Μόντρεαλ, τρεις Ιουλίου του έτους δύο χιλιάδες είκοσι τέσσερα.

Done at Montréal, on the third day of July in the year two thousand and twenty four.

Fait à Montréal, le trois juillet deux mille vingt-quatre.

Arna dhéanamh i Montréal, an tríú lá d'Iúil sa bhliain dhá mhíle fiche a ceathair.

U Montrealu, dana trećeg srpnja godine dvije tisuće dvadeset i četvrte.

Fatto a Montreal, addì tre luglio duemilaventiquattro.

Monreālā, divi tūkstoši divdesmit ceturtā gada trešajā jūlijā.

Priimta Monrealyje du tūkstančiai dvidešimt ketvirtųjų metų liepos trečią dieną.

Kelt Montrealban, a kétezerhuszonnegyedik év július havának harmadik napján.

Magħmul f'Montreal, fit-tielet ġurnata ta' Lulju tas-sena elfejn u erbgħa u għoxrin.

Gedaan te Montreal, de derde juli tweeduizend vierentwintig.

Sporządzono w Montrealu dnia trzeciego lipca dwa tysiące dwudziestego czwartego roku.

Feito em Montreal, aos três dias de julho de dois mil e vinte e quatro.

Întocmit la Montreal la trei iulie două mii douăzeci şi patru.

V Montreale tretieho júla dvetisícdvadsaťštyri.

V Montrealu, tretjega julija dva tisoč štiriindvajset.

Tehty Montrealissa kolmantena päivänä heinäkuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäneljä.

Utfärdat i Montreal den tredje juli år tjugohundratjugofyra.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαική Ενωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



За Канада
Por Canadá
Za Kanadu
For Canada
Für Kanada
Kanada nimel
Για τον Καναδά
For Canada
Pour le Canada
Thar ceann Cheanada
Za Kanadu
Per il Canada
Kanādas vārdā –
Kanados vardu
Kanada részéről
Għall-Kanada
Voor Canada,
W imieniu Kanady
Pelo Canadá
Pentru Canada
Za Kanadu
Za Kanado
Kanadan puolesta
För Kanada



IARSCRÍBHINN I

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOMHCHOISTE

RIAIL 1

Cúraimí

Is é an Comhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 15 den Chomhaontú seo a dhéanfaidh na cúraimí agus na dualgais a leagtar amach in Airteagail 15 agus 16 den Chomhaontú seo.

RIAIL 2

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

1. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ó Cheanada.

2. Is comhchathaoirligh ar an gComhchoiste a bheidhoifigigh shinsearacha nó a ndaoine ainmnithe, ag gníomhú dóibh mar ionadaithe an Aontais agus Cheanada, faoi seach.

3. Tabharfaidh an tAontas agus Ceanada fógra dá chéile faoi ainm, faoi phost agus faoi shonraí teagmhála na n-oifigeach atá ina gcomhchathaoirleach ar an gComhchoiste thar ceann an Aontais agus Cheanada, faoi seach. Meastar go mbeidh na hoifigigh sin ag leanúint de bheith ag gníomhú mar chomhchathaoirleach thar ceann an Aontais nó Ceanada, faoi seach, go dtí an dáta a thabharfaidh an tAontas nó Ceanada fógra don Pháirtí eile faoi chomhchathaoirleach nua.

4. Measfar go mbeidh sé d'údarás ag comhchathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais nó Ceanada, faoi seach, go dtí an dáta a bheidh fógra tugtha don Pháirtí eile maidir le comhchathaoirleach nua.

RIAIL 3

Rúnaíocht

1. Beidh Rúnaíocht an Chomhchoiste (dá ngairtear 'an Rúnaíocht' anseo feasta) comhdhéanta d'oifigeach ón Aontas agus d'oifigeach ó Cheanada. Feidhmeoidh an Rúnaíocht na cúraimí arna dtabhairt di leis na Rialacha Nós Imeachta seo.

2. Tabharfaidh an tAontas agus Ceanada fógra dá chéile faoi ainm, faoi phost agus sonraí teagmhála na n-oifigeach arb iad comhalta Rúnaíocht thar ceann an Aontais agus Cheanada, faoi seach. Meastar go mbeidh na hoifigigh sin ag leanúint de bheith ag gníomhú mar chomhalta den Rúnaíocht thar ceann an Aontais nó Ceanada, faoi seach, go dtí an dáta a thabharfaidh an tAontas nó Ceanada fógra don Pháirtí eile faoi oifigeach nua.

RIAIL 4

Cruinnithe

1. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile, i bprionsabal, gach re seach sa Bhruiséil agus i gCeanada mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Féadfar cruinnithe a thionól freisin trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil, má chinneann na comhchathaoirligh amhlaidh.

2. Idir cruinnithe an Chomhchoiste, déanfaidh an Comhchoiste a chuid oibre agus malartóidh sé faisnéis a bhaineann leis an gComhaontú seo agus leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ar bhonn leanúnach trí aon mhodh cumarsáide a bheidh ar fáil, go háirithe trí ríomhphoist a mhalartú.

RIAIL 5

Rannpháirtíocht i gcruinnithe

1. Laistigh de thréimhse ama réasúnta roimh gach cruinniú, cuirfidh an tAontas agus Ceanada comhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí féin in iúl dá chéile, tríd an Rúnaíocht, agus sonróidh siad ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht atá ag feidhmiú mar ionadaí de chuid gach Páirtí.

2. I gcás inarb iomchuí agus trí chinneadh frithpháirteach, féadfaidh na comhchathaoirligh cuireadh a tabhairt do shaineolaithe, mar shampla, oifigigh nach oifigigh rialtais iad, freastal ar chruinnithe de chuid an Chomhchoiste chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhar sonrach agus chun bheith i láthair sna codanna sin den chruinniú nuair a phléifear na hábhair shonracha sin.

3. Is é ionadaí an Pháirtí a bhfuil an cruinniú á eagrú agus á óstáil aige, tar éis dó formheas a fháil ón bPáirtí eile, a shocróidh dáta agus ionad an chruinnithe.

RIAIL 6

Doiciméid

Déanfaidh an Rúnaíocht doiciméid i scríbhinn ar a mbeidh pléití an Chomhchoiste bunaithe a uimhriú agus a scaipeadh ar an Aontas agus ar Cheanada.

RIAIL 7

Comhfhreagras

1. Seolfaidh an tAontas agus Ceanada a gcomhfhreagras arna dhíriú chuig an gComhchoiste tríd an Rúnaíocht. Féadfar an comhfhreagras sin a sheoladh trí aon mhodh cumarsáide scríofa atá ar fáil, lena n-áirítear trí ríomhphoist.

2. Áiritheoidh an Rúnaíocht go ndéanfar an comhfhreagras arna dhíriú chuig an gComhchoiste a sheoladh chuig na comhchathaoirligh agus go ndéanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 6.

3. Déanfar gach comhfhreagras ó na comhchathaoirligh, nó a bheidh dírithe go díreach chucu, a chur ar aghaidh chuig an Rúnaíocht agus déanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 6.

RIAIL 8

Clár oibre

1. Dréachtóidh an Rúnaíocht dréachtchlár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe. Chuige sin, 4 seachtaine ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, an t-oifigeach a bheidh ag gníomhú dó mar chomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige, ullmhóidh sé an chéad dréacht de chlár oibre sealadach mar aon leis na doiciméid a bhaineann le gach ítim ar an gclár oibre agus déanfar iad a tharchur chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile chun barúlacha a fháil. Nuair a bheidh an dréachtchlár oibre sealadach ullmhaithe ag an Rúnaíocht, déanfar é a tharchur, i dteannta aon doiciméad ábhartha, chuig na comhchathaoirligh lena bhformheas tráth nach déanaí ná 10 lá roimh dháta an chruinnithe.

2. Áireofar ar an gclár oibre sealadach ítimí a d'iarr na Páirtithe, lena n-áirítear aon ábhar a bheidh le hardú faoi Airteagal 18 den Chomhaontú seo. Aon iarraidh ar ítim a chur leis an gclár oibre sealadach, mar aon le haon doiciméad ábhartha, cuirfear faoi bhráid na Rúnaíochta í tráth nach déanaí ná 15 lá roimh thús an chruinnithe.

3. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh na comhchathaoirligh cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt na tréimhsí dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2 den Riail seoa laghdú.

4. Glacfaidh an Comhchoiste a chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

5. Féadfar pointí nach bhfuil ar an dréachtchlár oibre a chur leis, agus féadfar pointí eile ar an dréachtchlár oibre a scriosadh, a chur siar nó a leasú ag an gcruinniú, ar choinníoll go gcinneann an dá chomhchathaoirleach i gcomhpháirt déanamh amhlaidh.

RIAIL 9

Trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid

1. Ní thionólfar cruinnithe an Chomhchoiste go poiblí, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt i gcomhpháirt.

2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí an Chomhchoiste a fhoilsiú ina iris oifigiúil féin nó ar líne, tar éis dul i gcomhairle roimh ré leis an bPáirtí eile. Cinntí lena nglactar Prótacail nua nó leasuithe ar Phrótacail atá ann cheana, ar mhír 4 d'Airteagal 6, ar Airteagail 9, 10, nó 11 den Chomhaontú seo nó ar an Iarscríbhinn seo, ní fhoilseofar iad ach amháin nuair a thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal 16 den Chomhaontú seo.

3. Má chuireann an tAontas nó Ceanada faisnéis faoi bhráid an Chomhchoiste atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina dhlí is infheidhme, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin a fhaightear mar fhaisnéis rúnda.

4. Déileálfaidh gach Páirtí le hiarrataí ar rochtain ar dhoiciméid an Chomhchoiste i gcomhréir lena dhlí is infheidhme.

5. Má chuireann an Coimisiún Eorpach faisnéis faoi bhráid an Chomhchoiste atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina rialacha slándála faisnéise ábhartha, áiritheoidh Ceanada leibhéal inchomparáide rúndachta agus cosanta don fhaisnéis a fhaightear. Má chuireann Ceanada faisnéis faoi bhráid an Chomhchoiste atá rúnda nó cosanta ar nochtadh faoina dhlí is infheidhme, déileálfaidh an Coimisiún Eorpach leis an bhfaisnéis a fhaightear mar fhaisnéis rúnda.

RIAIL 10

Miontuairiscí

1. Scríobhfar miontuairiscí de gach cruinniú den Chomhchoiste.

2. Maidir leis an oifigeach atá ag gníomhú dó mar chomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige, déanfaidh sé dréacht-mhiontuairiscí a tharraingt suas ar gach cruinniú laistigh de 15 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt i gcomhpháirt. Déanfar na dréacht-mhiontuairiscí a tharchur chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile chun barúlacha a fháil. Féadfaidh sé sin barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear na dréacht-mhiontuairiscí.

3. Tabharfar achoimre sna miontuairiscí ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

   (a) na doiciméid a cuireadh faoi bhráid an Chomhchoiste;

   (b) aon ráiteas ar iarr Páirtí go gcuirfí sna miontuairiscí é; agus

   (c) na cinntí a glacadh, na ráitis a cinneadh, agus na conclúidí oibríochtúla a glacadh maidir le hítimí sonracha.

Áireofar sna miontuairiscí liosta na rannpháirtithe ina mbeidh ainmneacha, teidil agus cáil na rannpháirtithe uile sa chruinniú.

4. Déanfaidh na comhchathaoirligh na miontuairiscí a fhormheas agus a shíniú laistigh de 2 mhí tar éis an chruinnithe nó faoi aon dáta eile a chinnfidh na comhchathaoirligh. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh i gcomhpháirt go gcomhlíontar an ceanglas deireanach sin ach cóipeanna leictreonacha a shíniú agus a mhalartú. Déanfar an leagan barántúil de na miontuairiscí a chaomhnú i gcomhaid gach Páirtí.

5. Laistigh de 2 lá oibre tar éis chruinniú an Chomhchoiste, ullmhóidh Rúnaíocht an Chomhchoiste achoimre ar na miontuairiscí freisin lena bhformheas ag na comhchathaoirligh a luaithe is féidir. A luaithe a bheidh téacs na hachoimre formheasta ag comhchathaoirligh an Chomhchoiste, féadfaidh na Páirtithe an achoimre ar na miontuairiscí a chur ar fáil don phobal.

RIAIL 11

Cinntí

1. Mar a fhoráiltear faoi Airteagal 16 den Chomhaontú seo, déanfaidh an Comhchoiste cinntí de chomhthoil. Coinneoidh an Rúnaíocht taifead ar aon chinneadh faoi shraithuimhir agus le tagairt don dáta a glacadh é.

2. Déanfaidh an Comhchoiste cinntí i scríbhinn agus trí mhalartú nótaí idir na comhchathaoirligh, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt i gcomhpháirt maidir le cinneadh ar leith.

3. Déanfaidh comhchathaoirleach amháin téacs dréachtchinnidh a chur faoi bhráid an chomhchathaoirligh eile i scríbhinn, agus é údaraithe go cuí déanamh amhlaidh roimh ré i gcomhréir le haon nós imeachta dlíthiúil intíre is infheidhme, más gá.

4. Mura gcuireann an Páirtí eile in iúl go gcomhaontaíonn sé leis an gcinneadh, pléifear an cinneadh atá beartaithe ag cruinniú den Chomhchoiste amach anseo agus féadfar é a ghlacadh ag an gcruinniú sin.

5. Measfar an dréachtchinneadh a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile a chomhaontú in iúl i scríbhinn, mura rud é gur dréachtchinneadh i leith cinneadh arna fhorbairt nó arna mheas faoi mhír 2 d'Airteagal 16 é, agus sa chás sin glacfar é de bhun mhír 3 d'Airteagal 16.

6. Déanfar na cinntí a dhéantar idir cruinnithe an Chomhchoiste a thaifeadadh i miontuairiscí an chéad chruinnithe eile den Chomhchoiste.

7. Gan dochar do mhír 4 d'Airteagal 16 den Chomhaontú seo, síneoidh comhchathaoirligh an Chomhchoiste gach cinneadh, lena n-áirítear i gcás ina n-údarófar go cuí é roimh ré i gcomhréir le haon nós imeachta dlíthiúil is infheidhme, más gá.

8. Faoi réir mhír 4 d'Airteagal 16 den Chomhaontú seo, sonrófar le cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

RIAIL 12

Cosaint sonraí pearsanta

Foilseofar na doiciméid dá dtagraítear i Rialacha 9, 10, agus 11 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme ag an dá Pháirtí, lena n-áirítear cosaint sonraí pearsanta.

RIAIL 13

Meithleacha agus comhlachtaí comhairleacha

1. I gcomhréir le mír 4 d'Airteagal 15 den Chomhaontú seo, féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh meitheal agus comhlacht comhairleach a bhunú nó a dhíscaoileadh ar an leibhéal saineolaithe. Cinnfidh an Comhchoiste comhdhéanamh agus dualgais gach meithle nó comhlachta chomhairligh agus féadfaidh sé iad a leasú de réir mar is gá.
2. Rannchuideoidh meitheal agus comhlacht comhairleach le hobair an Chomhchoiste agus cuideoidh siad leis a chúraimí a chomhlíonadh, lena n-áirítear – má chuireann an Comhchoiste de chúram air – trí thuarascálacha nó dréachtchinntí a ullmhú lena bhformheas ag an gComhchoiste. Déanfar dréachtchinntí de bhun na míre seo a mheas agus a fhorbairt i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 16 den Chomhaontú seo.
3. Tiocfaidh meitheal agus comhlacht comhairleach le chéile de réir mar is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus tuairisceoidh siad don Chomhchoiste.
4. Ní chuirfidh bunú ná feidhmiú meithle agus comhlachta chomhairligh cosc ar na Páirtithe aon ábhar a thabhairt go díreach chuig an gComhchoiste.
5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste maidir le meitheal agus comhlacht comhairleach a bhunaigh an Comhchoiste.

RIAIL 14

Teangacha

Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag an gComhchoiste.

RIAIL 15

Costais

1. Cumhdóidh gach Páirtí na costais a thabhóidh sé as rannpháirtíocht i gcruinnithe an Chomhchoiste agus i gcruinnithe na meithleacha agus na gcomhlachtaí comhairleacha atá bunaithe.
2. Is é an Páirtí a dhéanfaidh an cruinniú a óstáil a íocfaidh na costais i ndáil le cruinnithe a eagrú.

PRÓTACAL MAIDIR LE COMHLACHAS CHEANADA LE FÍS EORPACH – AN CLÁR RÉIME UM THAIGHDE AGUS UM NUÁLAÍOCHT (2021-2027)

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme an chomhlachais

Glacfaidh Ceanada páirt mar thír chomhlachaithe i gColún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' den Chlár Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta), agus rannchuideoidh sé le Colún II den chlár sin, dá dtagraítear i mír 1(b) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus a chuirtear chun feidhme trí bhíthin an chláir shonraigh arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ([2]), sna leaganacha is cothroime le dáta díobh.

AIRTEAGAL 2

Coinníollacha breise na rannpháirtíochta sa Chlár Fís Eorpach

1. Sula ndéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil eintitis Cheanada incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomh a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas, nó slándáil an Aontais faoi mhír 5 d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/695, féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis shonrach nó dearbhuithe sonracha a iarraidh, amhail:

(a) faisnéis maidir le cé acu a deonaíodh nó a dheonófar rochtain chómhalartach d'eintitis de chuid an Aontais ar chláir, tionscadail, nó gníomhaíochtaí Cheanada, nó ar chodanna díobh, atá ann cheana agus atá beartaithe, ar cláir, tionscadail nó gníomhaíochtaí iad atá coibhéiseach leis an ngníomh den Chlár Fís Eorpach lena mbaineann;

(b) faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sásra náisiúnta um scagadh ar infheistíocht ag Ceanada agus dearbhuithe go ndéanfaidh údaráis Cheanada tuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach agus go rachaidh siad i gcomhairle leis maidir le haon chás féideartha i gcás, agus sásra den chineál sin á chur i bhfeidhm, ina bhfaighidh siad eolas faoi infheistíocht choigríche nó táthcheangal atá beartaithe ag eintiteas atá bunaithe lasmuigh de Cheanada, nó atá á rialú ó lasmuigh de, ar eintiteas de chuid Cheanada é a fuair cistiú ón gClár Fís Eorpach i ngníomhartha a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais, ar choinníoll go soláthróidh an Coimisiún Eorpach do Cheanada liosta de na heintitis ábhartha de chuid Cheanada tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais leis na heintitis sin; agus

(c) dearbhuithe nach mbeidh aon cheann de na torthaí, na teicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na táirgí arna bhforbairt faoi na gníomhartha lena mbaineann ag eintitis Cheanada faoi réir srianta ar a n-onnmhairiú chuig Ballstáit an Aontais le linn an ghnímh agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh an ghnímh. Roinnfidh Ceanada liosta cothrom le dáta de na hábhair maidir le srianta náisiúnta ar onnmhairiú ar bhonn bliantúil, le linn an ghnímh agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh an ghnímh.

2. Féadfaidh eintitis Cheanada páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (ACT), faoi théarmaí agus coinníollacha atá coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis de chuid an Aontais ach amháin má tá gá le teorainneacha chun comhsheasmhacht a áirithiú le raon feidhme na rannpháirtíochta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo.

3. Má chuireann an tAontas an Clár Fís Eorpach chun feidhme trí Airteagail 185 agus 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ceanada agus eintitis Cheanada páirt a ghlacadh sna struchtúir dlí a chruthaítear faoi na forálacha sin, i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a glacadh nó a ghlacfar chun na struchtúir dlí sin a bhunú.

4. Cuirfear Ceanada ar an eolas ar bhonn tráthrialta maidir le gníomhaíochtaí ACT a bhaineann le rannpháirtíocht Cheanada sa Chlár Fís Eorpach, maidir le cláir oibre ilbhliantúla ACT go háirithe. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaí ó Cheanada freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe Bhord Gobharnóirí ACT i ndáil le pointe a bhaineann le rannpháirtíocht Cheanada sa Chlár Fís Eorpach.

([1]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO AE L 167I, 12.5.2021, lch. 1).

5. I bhfianaise rannpháirtíocht Cheanada i gColún II den Chlár Fís Eorpach, beidh sé de cheart ag ionadaithe Cheanada páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chinneadh (AE) 2021/764, gan cearta vótála agus le haghaidh pointí a bhaineann le Ceanada nuair a phléann an coiste saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Cholún II den Chlár Fís Eorpach. Beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú seo. Is de réir grád barainne a aisíocfar costais taistil ionadaithe Cheanada chuig cruinnithe an choiste. Maidir le gach ábhar eile beidh aisíoc costas taistil agus speansais chothaithe faoi réir ag na rialacha céanna is infheidhme maidir le hionadaithe ó Bhallstáit an Aontais.

6. Féachfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena reachtaíocht agus lena rialacháin, le hiontráil agus fanacht sealadach daoine atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a éascú, lena n-áirítear le haghaidh cuairteanna agus chun taighde a dhéanamh, chomh maith le gluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid sna gníomhaíochtaí sin.

7. Trealamh arna sholáthar ag an bPáirtí is seoltóir chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, measfar gur trealamh eolaíocha é agus nach de chineál tráchtála é, agus oibreoidh an Páirtí is faighteoir i dtreo iontráil saor ó dhleacht le haghaidh trealamh den sórt sin i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta.

AIRTEAGAL 3

Cómhalartacht

1. Féadfaidh eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas páirt a ghlacadh i gcláir, i dtionscadail agus i ngníomhaíochtaí Cheanada atá coibhéiseach leo siúd faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, i gcomhréir le dlí agus bearta Cheanada.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal seo liosta neamh-uileghabhálach de chláir, de thionscadail agus de ghníomhaíochtaí coibhéiseacha Cheanada atá ar oscailt go cómhalartach d'eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas.

3. Beidh cistiú eintiteas dlítheanach arna mbunú san Aontas ag Ceanada faoi réir dhlí Cheanada agus faoi réir bearta lena rialaítear oibriú clár, tionscadal agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. I gcás nach ndéantar cistiú a sholáthar, féadfaidh eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

AIRTEAGAL 4

An Eolaíocht Oscailte

Déanfaidh na Páirtithe cleachtais Eolaíochta Oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh go frithpháirteach ina gcuid clár, tionscadal, agus gníomhaíochtaí i gcomhréir le rialacha an Chláir Fís Eorpach agus le bearta ábhartha Cheanada.

AIRTEAGAL 5

Rialacha mionsonraithe maidir le ranníocaíocht airgeadais, sásra coigeartaithe agus sásra ceartúcháin uathoibríoch

1. Leagtar amach na rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais Cheanada le Colún II den Chlár Fís Eorpach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

2. Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch i ndáil le ranníocaíocht oibríochtúil Cheanada leis an gClár Fís Eorpach. Ní bheidh feidhm ag an sásra coigeartuithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 7 den Chomhaontú seo i ndáil le rannpháirtíocht oibríochtúil Cheanada leis an gClár Fís Eorpach.

3. Beidh an sásra ceartúcháin uathoibríoch bunaithe ar fheidhmíocht Cheanada agus ar fheidhmíocht eintitis Cheanada sna codanna sin de Cholún II den Chlár Fís Eorpach a chuirtear chun feidhme trí dheontais iomaíocha.

4. Leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 6

Fionraí de chomhthoil

1. Más airde ná 20 % den ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach i mbliain N an méid a ríomh an Coimisiún Eorpach ar iarraidh ó Cheanada i mbliain N+2, i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Airteagal 8 den Chomhaontú seo, féadfaidh Ceanada a iarraidh go ndéanfar cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí le haghaidh na bliana airgeadais tar éis na bliana ina ndéantar an iarraidh.

2. Má dhéanann Ceanada iarraidh ar fhionraí de bhun mhír 1 den Airteagal seo, seolfaidh an tAontas freagra i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis dó an iarraidh a fháil. Má dheimhníonn an tAontas go nglacann sé le hiarraidh Cheanada, gabhfaidh éifeacht le fionraí an Phrótacail seo ar an gcéad lá de mhí Eanáir na bliana tar éis dó an iarraidh ar fhionraí a fháil.

3. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/695 agus do na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 23 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfear an Prótacal seo ar fionraí de bhun mhír 2 den Airteagal seo, ní bheidh eintitis Cheanada incháilithe chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana arna maoiniú le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana airgeadais a gcuirtear an Prótacal seo ar fionraí lena linn.

4. Maidir leis an mbliain a gcuirtear an Prótacal seo ar fionraí lena linn de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus a n-íocfadh Ceanada táille rannpháirtíochta ina leith mura gcuirfí ar fionraí é, ní íocfaidh Ceanada an ranníocaíocht oibríochtúil. Mar sin féin, íocfaidh Ceanada táille rannpháirtíochta bhliantúil le haghaidh na bliana a raibh an fhionraí ann lena linn a chomhfhreagraíonn do tháille rannpháirtíochta na bliana sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm, móide 1,0 pointe céatadáin.

5. Féadfaidh Ceanada a iarraidh tráth ar bith go scoirfear den fhionraí de bhun mhír 2 den Airteagal seo. Seolfaidh an tAontas freagra i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis dó an iarraidh sin a fháil. Nuair a ghlacfaidh an tAontas le hiarraidh Cheanada, scoirfidh an fhionraí d'éifeacht a bheith aici ar an gcéad lá den bhliain dár gcionn nó, go cúlghabhálach, ón gcéad lá den bhliain reatha má chinneann na Páirtithe amhlaidh i gcomhpháirt. Má thagann deireadh leis an bhfionraí go cúlghabhálach, beidh an ranníocaíocht airgeadais iomlán le haghaidh na bliana comhfhreagraí le híoc ag Ceanada. Aon táille rannpháirtíochta bhliantúil a d'íoc Ceanada cheana féin le haghaidh na bliana atá i gceist, déanfar í a fhritháireamh in aghaidh na táille rannpháirtíochta arna ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Airteagal 6 den Chomhaontú seo.

6. Beidh eintitis Cheanada incháilithe i nósanna imeachta dámhachtana arna maoiniú le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana airgeadais ábhartha ón dáta a scoirfidh an fhionraí d'éifeacht a bheith aici de bhun mhír 5 den Airteagal seo ar choinníoll nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach imithe in éag.

7. Leis an bhfionraí i mír 2 den Airteagal seo, ní dhéantar difear do na gealltanais dhlíthiúla a rinneadh le heintitis Cheanada faoin bPrótacal seo sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh téarmaí an Phrótacail seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis na gealltanais dhlíthiúla sin.

AIRTEAGAL 7

Forálacha críochnaitheacha

1. Fanfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích tionscadail, gníomhartha, nó gníomhaíochtaí uile de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a mhaoineofar ó Cholún II den Chlár Fís Eorpach, na gníomhartha uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe.

2. Beidh na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo ina gcuid dhílis den Phrótacal.

Iarscríbhinn II: Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais Cheanada leis an gClár Fís Eorpach (2021-2027)

Iarscríbhinn II: Liosta de chláir, de thionscadail, agus de ghníomhaíochtaí coibhéiseacha Cheanada atá ar oscailt go cómhalartach d'eintitis de chuid an Aontais

IARSCRÍBHINN I

Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais Cheanada leis an gClár Fís Eorpach (2021-2027)

I. Ranníocaíocht airgeadais Cheanada a ríomh

1. Bunófar ranníocaíocht airgeadais Cheanada le Colún II den Chlár Fís Eorpach ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo.

2. Bunófar táille rannpháirtíochta Cheanada agus déanfar í a chéimniú isteach i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo.

3. Is mar seo a leanas a bheidh ranníocaíocht oibríochtúil Cheanada le Colún II den Chlár Fís Eorpach le haghaidh na mblianta 2024 go 2027:

— 2024 – €16,1 million;

— 2025 – €21,4 million;

— 2026 – €26,8 million;

— 2027 – €32,1 million.

II. Ranníocaíocht oibríochtúil Cheanada a cheartú go huathoibríoch

1. Chun an ceartúchán uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú seo agus in Airteagal 5 den Phrótacal seo a ríomh, beidh feidhm ag na módúlachtaí seo a leanas:

(a) Ciallaíonn 'deontais iomaíocha' deontais a dhámhtar trí ghlaonna ar thograí a sheoltar faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach inar féidir na tairbhithe deiridh a shainaithint tráth a ríomhtar an ceartúchán uathoibríoch. Eisiatar tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe mar a shainmhínítear in Airteagal 204 den Rialachán Airgeadais.

(b) I gcás ina síneofar gealltanas dlíthiúil le cuibhreannas, is iad na méideanna carnacha a leithdháiltear ar thairbhithe is eintitis Cheanada na méideanna a úsáidfear chun méideanna tosaigh an ghealltanais dhlíthiúil a bhunú i gcomhréir le miondealú táscach buiséid an chomhaontaithe deontais.

(c) Bunófar méideanna uile na ngealltanas dlíthiúil a chomhfhreagraíonn do dheontais iomaíocha trí úsáid a bhaint as córas leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh, eCorda, agus asbhainfear iad ar an dara Céadaoin i mí Feabhra na bliana N+3.

(d) Ciallaíonn 'costais neamh-idirghabhálacha' costais an Chláir seachas deontais iomaíocha, lena n-áirítear caiteachas tacaíochta, riarachán clárshonrach, gníomhartha eile ([1]).

(e) Measfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad na méideanna a leithdháiltear ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar eintitis dhlíthiúla is tairbhí deiridh ([2]).

2. Cuirfear an sásra ceartúcháin uathoibríoch i bhfeidhm mar a leanas:

(a) Ceartúcháin uathoibríocha le haghaidh bhliain N i ndáil le forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i leith bhliain N, arna méadú i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo, cuirfear i bhfeidhm iad ar bhonn shonraí bhliain N, shonraí bhliain N+1, agus shonraí bhliain N+2 ó e-Corda dá dtagraítear i mír 1(c) de roinn II den Iarscríbhinn seo i mbliain N+3. Is é an méid a bhreithneofar méid na ndeontas iomaíoch faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tráth a ríomhtar an ceartúchán.

(b) Ag tosú in N+3 agus suas go dtí 2030, déanfar méid an cheartúcháin uathoibríoch a ríomh le haghaidh bhliain N tríd an difríocht idir na nithe seo a leanas a ghlacadh:

([1]) I measc na ngníomhartha eile, áirítear go háirithe soláthar, duaiseanna, ionstraimí airgeadais, gníomhartha díreacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, síntiúis (an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chomhordú Taighde (Eureka), an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Chomhar maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (IPEEC), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), etc.), agus saineolaithe (meastóirí, faireachán ar thionscadail).

([2]) Ní mheasfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad eagraíochtaí idirnáisiúnta ach amháin más tairbhithe deiridh iad. Ní bheidh feidhm aige sin maidir le cás inar comhordaitheoir ar thionscadal í an eagraíocht idirnáisiúnta (agus cistí á ndáileadh aici ar chomhordaitheoirí eile).

(i) méid iomlán na ndeontas iomaíoch arna gcionroinnt le Ceanada nó le heintitis dhlítheanacha Cheanada faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach mar ghealltanais a rinneadh maidir le leithreasuithe buiséid bhliain N; agus

(ii) méid ranníocaíocht oibríochtúil Cheanada le haghaidh bhliain N arna iolrú faoin gcóimheas idir:

A. méid na ndeontas iomaíoch arna dtabhairt ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, arna méadú i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo; agus

B. iomlán na leithreasuithe buiséadacha údaraithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, lena n-áirítear costais neamh-idirghabhálacha.

III. Íocaíocht rannaíocht airgeadais Cheanada agus íocaíocht an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le ranníocaíocht oibríochtúil Cheanada

1. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis seo a leanas in iúl do Cheanada a luaithe is féidir agus tráth eisiúna an chéad ghlao ar chistí na bliana airgeadais ar a dhéanaí:

(a) méid na ranníocaíochta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 3 de roinn I den Iarscríbhinn seo;

(b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 9 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo;

(c) ó bhliain N+3 maidir leis an gcuid den Chlár Fís Eorpach ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun an ceartúchán uathoibríoch, leibhéal na ngealltanas a tugadh i bhfabhar eintitis dhlítheanacha Cheanada faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach arna miondealú de réir bhliain chomhfhreagrach na leithreasuithe buiséadacha agus leibhéal iomlán gaolmhar na ngealltanas a ríomh.

2. I mí an Mheithimh de gach bliain airgeadais ar a dhéanaí, eiseoidh an Coimisiún Eorpach glao ar chistí chuig Ceanada a chomhfhreagraíonn le ranníocaíocht Cheanada faoin bPrótacal seo. Leis an nglao ar chistí, déanfar foráil maidir le híocaíocht ranníocaíocht Cheanada tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis eisiúint an ghlao ar chistí. Má shínítear an Comhaontú seo tar éis an 1 Meitheamh, i gcás na chéad bhliana de chur chun feidhme an Phrótacail seo, eiseoidh an Coimisiún Eorpach aon ghlao amháin ar chistí, laistigh de 60 lá ó shíniú an Chomhaontaithe seo. Gach bliain ó 2027 ar aghaidh, léireofar sna glaonna ar chistí méid an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir leis an ranníocaíocht oibríochtúil a íocfar le haghaidh bhliain n-3. I gcás gach ceann de na blianta airgeadais 2028, 2029, agus 2030, an méid a eascraíonn as an gcoigeartú uathoibríoch a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí oibríochtúla a íocfaidh Ceanada in 2025, 2026, agus 2027, beidh sé dlite do Cheanada nó dlite uaidh. Íocfaidh Ceanada a ranníocaíocht airgeadais faoin bPrótacal seo i gcomhréir le roinn III den Iarscríbhinn seo. In éagmais íocaíocht Cheanada faoin dáta dlite, seolfaidh an Coimisiún litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, agus é sin méadaithe faoi 3,5 phointe céatadáin.

3. Ar choinníoll nach gcomhlachóidh Ceanada leis an gcéad Chlár Réime eile um Thaighde agus um Nuálaíocht, nuair a bheidh an méid a eascraíonn as an gceartú uathoibríoch dlite ó Cheanada, eiseoidh an Coimisiún Eorpach, i mí an Mheithimh ar a dhéanaí i ngach ceann de na blianta airgeadais 2028, 2029, agus 2030, glao ar chistí chuig Ceanada, agus eiseoidh Ceanada íocaíocht i bhfabhar an Choimisiúin Eorpaigh laistigh de thréimhse 6 mhí ó dháta eisiúna an ghlao ar chistí. Má bhíonn an méid a eascraíonn as an gceartúchán uathoibríoch le híoc ag an gCoimisiún Eorpach do Cheanada, cuirfidh Ceanada iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, agus eiseoidh an Coimisiún Eorpach íocaíocht i bhfabhar Cheanada laistigh de thréimhse 6 mhí ó dháta eisiúna na hiarrata ar íocaíocht. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na méideanna dá dtagraítear i mír 2 de roinn III go n-íocfar ús ar an méid atá gan íoc ag Ceanada nó le Ceanada ón dáta dlite le haghaidh íocaíochta. Is é an ráta dá dtagraítear i mír 2 de roinn III seo a bheidh sa ráta úis ar na méideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite.

IARSCRÍBHINN II

Liosta de chláir, de thionscadail, agus de ghníomhaíochtaí coibhéiseacha Cheanada atá ar oscailt go cómhalartach d'eintitis de chuid an Aontais

Is mar chláir, tionscadail, agus gníomhaíochtaí Cheanada atá coibhéiseach le Colún II den Chlár Fís Eorpach a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

— Coiste Comhordaithe Taighde Cheanada (CRCC) – Ciste um Theorainneacha nua sa Taighde (NFRF) [*Canada Research Coordinating Committee (CRCC) – New Frontiers in Research Fund (NFRF)*]: Taiscéalaíocht, Idirnáisiúnta, Claochlú, Glaonna Speisialta [*Exploration, International, Transformation, Special Calls*];

— Comhairle Taighde na nEolaíochtaí Nádúrtha agus na hInnealtóireachta (NSERC) [*Natural Sciences and Engineering Research Council (NSERC)*]: Deontais Alliance, deontais Alliance International, deontais Alliance International Quantum [*Alliance grants, Alliance International grants, Alliance International Quantum grants*]; *Quantum Call* Thaithí Taighde agus Oiliúna Chomhoibríoch (CREATE) *[Collaborative Research and Training Experience (CREATE) Quantum Call]*;

— Comhairle Taighde Cheanada um an Eolaíocht Shóisialta agus Daonnachtaí (SSHRC) [*Social Science and Humanities Research Council of Canada (SSHRC)*]: Deontais Chomhpháirtíochta.